

Cuairteanna ar an suíomh le déanaí ó mhic léinn ó Ollscoil Theicniúil na Mumhan (MTU), Corcaigh agus Trá Lí

N22BBM

Cuairteanna ar an suíomh le déanaí ó mhic léinn ó Ollscoil Theicniúil na Mumhan (MTU), Corcaigh agus Trá Lí. Is é Fergal Noonan, Bainisteoir Cáilíochta an chonraitheora, a d'eagraigh na cuairteanna seo.



MTU Bhaile an Easpaig:

Ar an Máirt 18 Deireadh Fómhair, thug an grúpa 50 mac léinn Innealtóireachta céad bliana ó champas Bhaile an Easpaig, in éineacht leis an Dr Mary Moloney, camchuairt ar an gcuid thoir den scéim N22BBM ar bhus. Chuaigh an grúpa isteach sa suíomh i gCúil Chomhair agus thaistil siad siar fan an tsuímh ag stopadh chun féachaint go grinn ar an droichead ardleibhéil i gCoill na nGoirtíní.

Thug Kevin Dennehy agus Ray Hurley, d'fhoireann innealtóireachta an chonraitheora ar céimithe de chuid MTU iad beirt, cuntas ar bhuaicphointí na scéime. Chríochnaigh an turas nuair a d'fhág an grúpa an suíomh i gCarraig an Phúca ar an taobh thiar de Mhaigh Chromtha. Bhí an t-aiseolas a fuarthas ón gcuart an-dearfach:

“Bhí na mic léinn an-tógtha leis an gcuart agus ag féachaint cá bhféadfaidís a bheith ar shocrúchán agus mar sin de i gceann cúpla bliain. Is léiriú iontach é an cineál comhrá a bhí againn le Kevin agus Ray agus an taithí atá acu go dtí seo tar éis dóibh céim a bhaint amach ónár roinn ar na deiseanna atá ag fanacht leo má chuireann siad an obair isteach.”



MTU Trá Lí:

Tar éis na cuairte sin ar an 21 Deireadh Fómhair tháinig grúpa den líon céanna mac léinn Innealtóireachta ó 1ú go 4ú bliain ó MTU Trá Lí, chomh maith le roinnt ball foirne léachtóireachta san innealtóireacht. Thug an Bainisteoir Rannóige Pat O'Sullivan leis an gconraitheoir, in éineacht leis an mBainisteoir Cáilíochta, Fergal Noonan, cur i láthair mionsonraithe don ghrúpa in oifigí Bhóthar Shráid an Mhuilinn agus ina dhiaidh sin bhí seisiún ceisteanna agus freagraí bríomhar acu sula ndeachaigh siad ar bord an bhus agus sular cuireadh tús leis an gcuairt i gceart. Chuaigh an grúpa isteach sa suíomh i nGoirtín Rua agus thaistil siad soir. D'fhág an grúpa an bus chun féachaint níos géire a thabhairt ar an droichead ardleibhéil i gCoill na nGoirtíní, ar na fánaí gearrtha i gCoill na nGoirtíní, ar an eas uisce dromchla i gCúil Liatháin agus ar an droichead mór dhá réise thar an Sulán ag an Iomaire.

Ghabh an grúpa buíochas leis an CJV as an gcur i láthair mionsonraithe ar an scéim a fuaireadar, as na freagraí breátha ar na ceisteanna ar fad a bhí acu agus mhol siad cáilíocht na n-oibreacha a chonacthas ar an tionscadal. Thug castachtaí innealtóireachta na n-oibreacha a cuireadh i gcrích ar an scéim an-spreagadh don ghrúpa chomh maith.

